


**Tuarascáil 2007
ar Chomhlíonadh
Chuid 5 den Acht
um Míchumas 2005
maidir le Fostú
Daoine faoi
Mhíchumas sa
tSeirbhís Phoiblí**



National Disability Authority
Údarás Náisiúnta Míchumais

Tá an tuarascáil seo á cur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUas. Dermot Aherne, T.D. ag an Údarás Náisiúnta Míchumais faoi Alt 15(6) den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, arna leasú ag Alt 50(2) den Acht um Míchumas 2005.

Clár na nÁbhar

Réamhrá 4

1	Oibleagáidí ar chomhlachtaí poiblí agus modhanna bailithe sonraí	10
2	Bearta chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis	15
3	Sonraí ar sprioc fostaíochta 3% na bliana 2007	27
4	Céimeanna chun an sprioc a bhaint amach	39
	Aguisín A	48
	Sonraí Ranna Rialtais ar an sprioc fostaíochta 3%	
	Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an sprioc fostaíochta 3%	
	Aguisín B	80
	Eagraíochtaí eile fós atá faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Eolaíochta	
	Aguisín C	84
	Foirm Áirimh Foirne (SI)	
	Foirm Thuairiscithe Reachtúil (MCI) do Choistí Monatóireachta	
	Foirm Thuairiscithe Reachtúil (PBI) do Chomhlachtaí Poiblí	

Réamhrá

Clúdaítear na hoibleagáidí atá ar chomhlachtaí poiblí daoine faoi mhíchumas a fhostú i gCuid 5 den Acht um Míchumas 2005 (an tAcht). Tá trí cheanglas idirnasctha i gceist léi. Ar an gcéad dul síos ní mór do chomhlachtaí poiblí, a mhéid is indéanta, gach beart réasúnach a ghlacadh chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis. Ar an dara dul síos, mura mbíonn cúiseanna maithe acu lena mhalairt, ní mór gur daoine faoi mhíchumas 3%, ar a laghad, dá bhfostaithe. Ar deireadh, ní mór do chomhlachtaí poiblí, tuarascáil a chur, go bliantúil, faoi bhráid an Choiste Monatóireachta reachtúil, (a chuirfidh ansin a thuarascáil faoi bhráid Aire a mháthair-Roinne agus an Údarás Náisiúnta Mhíchumais) maidir leis an líon daoine faoi mhíchumas a bhíonn á fhostú acu agus leis na bearta a bhíonn á nglacadh acu chun tacú le fostú daoine faoi mhíchumas.

Bíonn eolas a bhíonn faighte ag an Údarás Náisiúnta Míchumais ó Choistí Monatóireachta arna mbunú faoi Chuid 5 den Acht, sa tuarascáil seo.¹

- Is cur síos ar an gcaoi inar cuireadh an t-eolas sin i dtoll a chéile atá i Mír 1 den tuarascáil seo
- Déantar anailís i Mír 2 ar na bearta atá á nglacadh chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis
- Déantar anailís mhionsonraithe ar fhiigiúirí na bliana 2007 i Mír 3
- Pléitear i Mír 4 an chéad chuid eile de na céimeanna atá le glacadh ar mhaithe le comhlíonadh

Leagtar an méid céanna béime sa tuarascáil seo ar an sprioc uimhriúil a bhaint amach is a leagtar ar bhearta a bheith ann chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis.

1. Mír 48(5)(d)

Beart dearfach gnímh is ea Cuid 5 den Acht sa mhéid is go gceadaíonn sé do chomhlachtaí poiblí bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le fostú daoine faoi mhíchumas. Ní mór a mheabhrú gur daoine a roghnaíodh mar go raibh siad oiriúnach don obair na daoine faoi mhíchumas a fhostaítear sa tseirbhís phoiblí.

De réir na dtorthaí ceannlíne don bhliain 2007 thuairiscigh os cionn a leath (51.3 %) de na heagraíochtaí gur bhain siad amach nó gur sháraigh siad an sprioc fostaíochta 3% don bhliain 2007 (Tábla 3.2). Sa bhliain 2006 ba 36% de chomhlachtaí a thuairiscigh gur bhain siad amach an sprioc nó gur sháraigh siad í. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, gur cuireadh an 36% dá dtagraítear i láthair mar íosfhigiúr sa tuarascáil ón Údarás Náisiúnta Míchumais ar an mbliain sin i bhfianaise na saincheistanna a bhain le bailiú sonraí sa chéad bhliain den mhonatóireacht reachtúil. Ní féidir comparáidí bailí dhá bhliain a dhéanamh idir chomhlachtaí, ceann ar cheann, maidir le céatadán na ndaoine faoi mhíchumas a bhí fostaithe sna blianta 2006 agus 2007 de dheasca na ndeacrachtaí a bhain le sonraí a bhailiú sa bhliain 2006.

Bhí de thoradh ar an taithí a fuarthas as tuairisc a chur le chéile ar bhailiú sonraí na bliana 2006 agus as comhairliúchán leis na Coistí Monatóireachta go ndearnadh athbhreithniú ar na formáidí reachtúla i ndáil le comhlíonadh Chuid 5 den Acht a thuairisciú. Mhol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais na leaganacha athbhreithnithe de na foirmeacha tuairiscithe seo agus d'aontaigh Airí leo. Bhí sé níos éasca anailís níos cuimsithí a dhéanamh ar chomhlíonadh trí bhíthin na bhfoirmeacha nua seo.

D'eisigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais treoir athbhreithnithe ar bhailiú sonraí chomh maith. Mhol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais do chomhlachtaí poiblí áireamh foirne a bheadh mar bhonnlíne i gcomhair córas fadtéarmach ar bhailiú sonraí, a sheoladh. Bhí an ráta freagraí i bhfad níos airde sa bhliain 2007, nuair a sheol comhlachtaí poiblí an t-áireamh foirne, ná an ráta freagraí ar an

suirbhé “Cuir sa Chomhaireamh Ceann Mé” ar bhain roinnt mhaith comhlachtaí poiblí úsáid as sa bhliain 2006. Míniú amháin ar na rátaí comhlíonta a tuairiscíodh don bhliain 2007 a bheith níos airde is ea an ráta feabhsaithe freagraí seo. I gcás shuirbhé na bliana 2006 agus áireamh foirne na bliana 2007 araon seoladh na freagraí ar an mbonn go nochtfaí an t-eolas ar an stádas míchumais go deonach. Sna Ranna Rialtais tuairiscíodh go raibh míchumas ag gabháil do 3.8% de bhaill foirne i gcomparáid le 2.4% ball foirne sa bhliain 2006. Tharla an feabhas is léir atá ann de bharr go raibh an bailiú sonraí níos fearr sa bhliain 2007. Rinneadh iarracht mhaith chomhbheartaithe sa státseirbhís chun Cuid 5 den Acht a chomhlíonadh. Eisíodh Cód Cleachtais leasaithe maidir le Fostú Daoine faoi Mhíchumas i Státseirbhís na hÉireann sa bhliain 2007. Ina theannta sin, tá Oifigeach tiomnaithe Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas ag na Ranna Rialtais go léir agus ag go leor comhlachtaí eile inar státseirbhísigh iad na baill foirne. Tagann na hOifigigh Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas le chéile go míosúil i líonra foirmiúil chun taithí agus dea-chleachtas a roinnt.

Ceanglaítear ar chomhlacht poiblí, faoi théarmaí an Achta, a chomhlíonadh faoi Chuid 5 a thuairisciú, cibé an gcuireann an máthairchomhlacht an fhoireann ar fáil nó nach gcuireann. Cónascadh freagraí líon áirithe comhlachtaí poiblí, arbh státseirbhísigh iad a mbaill foirne le freagraí a máthair-Roinne sa bhliain 2006. Rinneadh tuairisciú ar leith ar na freagraí seo sa bhliain 2007. Ba é sin le rá go bhfuarthas 263 tacar sonraí sa bhliain 2007 i gcomparáid le 217 tacar sa bhliain 2006. Clúdaíodh breis is 370 comhlacht poiblí sna freagraí a seoladh ar ais sa bhliain 2007 agus rinneadh an tuairisciú ar na Boird Fiontar Contae mar aon ghrúpa amháin. Bhíothas ábalta anailís níos substaintí agus níos casta a dhéanamh ar chomhlíonadh de thoradh an roan sonraí a fuarthas sa bhliain 2007.

Tá roinnt torthaí agus treochtaí dearfacha agus spéisiúla, nach mór a thabhairt faoi deara, tar éis teacht chun cinn:

- Bhí foireann oibre de bheagnach 239,000 (238,833) ar tuairiscíodh 2.5% (5,879) díobh a bheith faoi mhíchumas arna shainmhíniú san Acht sna Ranna Rialtais agus i gcomhlachtaí poiblí eile le chéile a clúdaíodh i sonraí na bliana 2007
- Ba é ba dhóichí de go mbainfeadh eagraíochtaí a bhí tar éis dul i mbun iniúchta ar rochtain ar chuid dá maoine nó ar a maoine go léir (75% de na comhlachtaí poiblí) an sprioc fostaíochta 3% amach nó go sáródh siad an sprioc fostaíochta 3%
- Ba é ba dhóichí de go raibh a dhá oiread de sheans ann go mbainfeadh eagraíochtaí a raibh beartas i scríbhinn acu ar dhaoine faoi mhíchumas a fhostú nó a bhí faoi réir ag cód cleachtais (84% de chomhlachtaí poiblí) an sprioc fostaíochta 3% amach nó go sáródh siad an sprioc fostaíochta 3%
- Sa bhliain 2007 bhí Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas ag 21 comhlacht poiblí, ag na Ranna Rialtais go léir agus ag go leor de na gníomhaireachtaí inarbh státseirbhísigh iad na baill foirne.

Speictream an mhíchumais

Ní thairfeadtar cineál an mhíchumais sna freagraí reachtúla a seoladh ar ais. Léirítear an miondealú de réir cineál míchumais i gcomhdhéanamh phríomhlucht saothair na státseirbhíse ina bhfuil baill atá faoi mhíchumas (iad siúd a oibríonn sa riarachán poiblí agus sa chosaint) sa Daonáireamh a rinneadh sa bhliain 2006. Taispeánann na figiúirí seo gur tinneas ainsealach atá ar an líon is mó daoine atá faoi mhíchumas agus gur míchumas fisiceach agus lagú éisteachta nó amhairc atá sa dara háit. Ar láimh amháin is mór idir an patrún seo agus an patrún atá i bhfostaíochtaí eile mar gurb ísle go mór an céatadán de dhaoine atá faoi mhíchumas foghlama nó intleachta agus atá fostaithe i bpoist sa státseirbhís seachas an líon atá fostaithe i bpoist eile. Fáiltíonn an

tÚdarás Náisiúnta Míchumais roimh chur chuigí dearfacha ó chomhlachtaí poiblí maidir le daoine faoi mhíchumas intleachta a fhostú i bpoist oiriúnacha. Fáiltíonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais chomh maith roimh an bhforbairt maidir le comhpháirtíochtaí idir chomhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas intleachta.

Tábla 1.1 Dáileachán na bhfostaithe faoi mhíchumas de réir cineál lagaithe, 2006

Cineál míchumais	Fisiceach	Amharc nó éisteacht	Foghlaim/intleacht	Síceolaíoch/mothúchán ach	Eile, tinneas ainsealach san áireamh
Cineál Fostaíochta	%	%	%	%	%
Riarachán poiblí agus cosaint ²	24.1	22.9	6.3	15.2	41.7
Gach fostaíocht	23.4	20.3	14.0	15.2	38.6

Foinse: Daonáireamh 2006, Im. I | Tábla 13. Tá os cionn 100% i suim na bhfigiúirí trasna an tábla mar go bhfuil daoine ann a bhfuil níos mó ná aon bhail amháin de mhíchumas ag gabháil dóibh

Neamh-chomhlíonadh i mblianta as a chéile

Faoi alt 49 den Acht, i gcás gur theip ar chomhlacht poiblí forálacha Chuid 5 a chomhlíonadh dhá bhliain as a chéile, féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, le toil an Aire iomchuí, moltaí a dhéanamh i ndáil le gníomhartha a bheidh le glacadh ag comhlachtaí aonair. Tá sé á chur in iúl ag an Údarás Náisiúnta Míchumais nach féidir ag an bpointe seo measúnú dhá bhliain as a chéile a sheoladh de dheasca na ndeacrachtaí le bailiú sonraí a tháinig chun cinn sa bhliain 2006. Ba chóir go mbeadh sé níos éasca measúnuithe den

2. Clúdaítear isteach is amach le 101,000 duine i sonraí an Áirimh seo ach ní ionann go díreach iad mar ghrúpa agus an grúpa a chlúdaítear faoi Chuid 5 den Acht. Ní áirítear iontu baill foirne in oideachas ná i gcosaint a d'fhéadfadh teacht faoi scóip Chuid 5 agus áirítear iontu pearsanra na bhFórsaí Cosanta nach sibhialtaigh iad nach dtagann faoi scóip Chuid 5.

sórt a dhéanamh sa todhchaí mar thoradh ar chórais bhailithe sonraí a bheith feabhsaithe.

Ag beartú don chomhlíonadh

Tá roinnt comhlachtaí ann atá ag díriú isteach go mór ar a bhféadfaidís a dhéanamh chun an sprioc reachtúil a bhaint amach agus chun a dtacaí do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú ach tá comhlachtaí eile ann arbh bhuntáiste dóibh cur chuige córasach den sórt céanna a ghlacadh. D'fhéadfadh Coistí Monatóireachta, de réir na feidhme reachtúla atá acu chun comhlíonadh a spreagadh, ról cuiditheach a bheith acu ó thaobh comhlachtaí den sórt a spreagadh chun pleananna gníomhaíochta a ghlacadh.

Ceacht as an rath

D'fhorfheidhmigh lear mór de chomhlachtaí poiblí, in earnálacha éagsúla gnó, cláir go gníomhach chun tacú le fostú daoine faoi mhíchumas agus é a chur chun cinn agus d'éirigh leo an sprioc 3% a bhaint amach nó sháraigh siad an sprioc 3%. Tá sé de chumas ag na heagraíochtaí seo a bheith ina n-eiseamláirí ag a gcomhchomhlachtaí poiblí ag a bhfuil feidhmeanna comhchosúla nó meascán comhchosúil d'fhoirne.

Conclúid

Tugtar mionsonraí sa tuarascáil seo ar an staid reatha maidir le Cuid 5 den Acht a bheith á comhlíonadh ag comhlachtaí poiblí. Cáipéis atá níos cuimsithí agus níos mionsonraithe ná an tuarascáil a chuaigh roimpi is ea tuarascáil na bliana 2007 mar go raibh an próiseas bailithe sonraí feabhsaithe, go raibh ardú sa líon freagraí a tháinig ó chomhlachtaí poiblí agus mar go raibh na sonraí a fuair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais níos stóinsí.

1. Oibleagáidí atá ar Chomhlachtaí Poiblí agus Modhanna Bailithe Sonraí

Freagrachtaí agus róil faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005

Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht:

- A mhéid is indéanta, gach beart réasúnach a ghlacadh chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis – mír 47 (1)(a)
- A chinntiú, mura mbeidh cúis mhaith acu lena mhalairt, gur daoine faoi mhíchumas 3%, ar a laghad, de na baill foirne a fhostaítear – fo-alt 47(2) agus fo-alt 47(4);
- Tuarascáil a chur, go bliantúil, faoi bhráid a gCoiste Monatóireachta maidir leis an líon daoine faoi mhíchumas a bhíonn á fhostú acu agus leis na bearta a bhíonn á nglacadh acu chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis - fo-alt 48(2);
- Cóid chleachtais ar bith dá bhfuil ann a chomhlíonadh – mír 47(1)(b)

Ról na gCoistí Monatóireachta

Faoi fho-alt 48(3) den Acht is é ról gach Coiste Monatóireachta monatóireacht a dhéanamh, i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Míchumais, ar chomhlíonadh na gcomhlachtaí poiblí a thuairiscíonn dó agus comhlíonadh na gcomhlachtaí poiblí a spreagadh. Ní mór don Choiste teacht le chéile trí huair sa bhliain, ar a laghad, agus ceanglaítear ar an gcoiste tuarascáil a chur faoi bhráid Aire a mháthair-roinne agus an Údarás Náisiúnta Míchumais go bliantúil maidir le comhlíonadh na gcomhlachtaí poiblí a thuairiscíonn don choiste.

Ról an Údarás Náisiúnta Míchumais

Tá sé d'oibleagáid ar an Údarás Náisiúnta Míchumais tuarascáil bhliantúil a ullmhú ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí éagsúla faoi Chuid 5 den Acht ag comhlachtaí poiblí. Mionsonraítear sa tuarascáil seo cibé ar bhain nó nár bhain comhlachtaí poiblí amach an sprioc fostaíochta 3% i ndáil le fostú daoine faoi mhíchumas. Is féidir leis an Údarás Náisiúnta Míchumais chomh maith moltaí a chur faoi bhráid comhlachtaí poiblí faoi bhearta a bheidh le glacadh ar mhaithe le comhlíonadh nó chun comhlíonadh a bhaint amach. Cé gur féidir leis an Údarás Náisiúnta Míchumais sonraí a thabhairt faoi bhealaí tuairiscithe níl sé de chumhacht de réir dlí ag an Údarás Náisiúnta Míchumais a cheangal ar chomhlachtaí poiblí modh bailithe sonraí ar leith ar bith a úsáid.

Líon na mball foirne faoi mhíchumas a chomhaireamh

Tá sainmhíniú eile san Acht, thairis an ceann ar baineadh úsáid as sular achtaíodh é, i ndáil le taifeadadh líon na mball foirne faoi mhíchumas. Is é seo a leanas an sainmhíniú dlíthiúil ar mhíchumas a bhfuil feidhm aige le sprioc fostaíochta na seirbhíse poiblí:

a substantial restriction in the capacity of the person to carry on a profession, business or occupation in the State, or to participate in social or cultural life in the State by reason of an enduring physical, sensory, mental health, or intellectual impairment.

Mhol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais gur chóir go mbunófaí sonraí ar eolas ar an stádas míchumais a nocht baill foirne go deonach chun monatóireacht a dhéanamh ar an sprioc 3%. Mhol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, sa bhliain 2006, go seolfadh comhlachtaí poiblí suirbhé foirne (“Cuir sa Chomhaireamh Cenn Mé”) nó go dtabharfaidís a dtaifid reatha Acmhainní Daonna cothrom le dáta trí thagairt don sainmhíniú reachtúil ar mhíchumas. D’úsáid an státseirbhís agus roinnt comhlachtaí eile an suirbhé ach d’úsáid go leor comhlachtaí poiblí eile modhanna eile - taifid Acmhainní Daonna, mar shampla. Ba dheacair don Údarás Náisiúnta Míchumais tráchtareacht chiallmhar a chur le torthaí na bliana 2006 mar gheall ar an ráta íseal freagraí ó chomhlachtaí a d’úsáid an suirbhé sa bhliain 2006 agus mar gheall ar shaincheistean eile a bhain le sonraí.

Ba é toradh thaithí na chéad bhliana den mhonatóireacht, agus toradh an aiseolais ó chomhlachtaí poiblí agus ó Choistí Monatóireachta gur fhorbair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais foirmeacha athbhreithnithe i gcomhair tuarascálacha reachtúla don bhliain 2007, tar éis próiseas cuimsitheach comhairliúcháin (léigh Aguisín C). Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais athbhreithniú ar a threoir ar bhailiú sonraí chomh maith.

Mhol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, don bhliain 2007, go dtabharfadh comhlachtaí poiblí faoi áireamh foirne aon uaire ar na fostaithe go léir i ndeireadh mhí na Nollag 2007 chun a stádas míchumais a fháil amach. Is cóir na freagraí as an áireamh foirne a úsáid ansin le tús a chur le córas rianaithe áit ar chóir taifid a

choinneáil ar stádas míchumais daoine a bheadh á bhfostú nó ag fágáil fostaíochta agus orthu siúd a dtarlódh sé dóibh go bhfaighidís míchumas. D'fhágfadh an cur chuige seo go mbeadh sé níos éasca ar chomhlachtaí poiblí uimhreacha athraitheacha na bhfostaithe faoi mhíchumas a ríomh gan dul i muinín áireamh iomlán foirne ná suirbhé foirne gach bliain.

D'úsáid ionann is dhá thrian de na comhlachtaí poiblí an t-áireamh foirne chun a bhfigiúirí don bhliain 2007 a chur i dtoll a chéile agus ba 74% an ráta foriomlán de fhreagraí a tháinig as an áireamh foirne. Ba 45% meánráta na bhfreagraí a tháinig as suirbhé a rinneadh sna Ranna Rialtais sa bhliain 2006. Mar sin tá bonn níos téagartha faoi na sonraí atá i dtuarascáil na bliana seo.

Ba mhian leis an Údarás Náisiúnta Míchumais é a bheith de sprioc ag comhlachtaí poiblí ráta freagraí de 100% a bheith acu as áireamh foirne. Dá mbunófaí bonnlíne théagartha ba chóir go mbeadh sé níos éasca ina dhiaidh sin na hathruithe a rianú ó bhliain go bliain.

Tarraingíodh aird i dtuarascáil an Údaráis Náisiúnta Míchumais anuraidh ar na deacrachtaí is féidir le duine aonair a bheith aige nó aici maidir le míchumas a chur in iúl don fhostóir. Is féidir leis an ngné sin tionchar a bheith aici ar a bheachte is a bheadh sonraí a thuairisceofaí.

Mar is léir sa litríocht taighde is minic gur deacair le duine aonair a chur in iúl d'fhostóir go bhfuil sé nó sí faoi mhíchumas fiú nuair a choinnítear an t-eolas sin faoi rún agus/nó gur chun críocha staitistiúla amháin é.³ Léiríonn an fhianaise idirnáisiúnta go mbíonn eagla ar dhaoine roimh na hiarmhairtí diúltacha a fheictear dóibhsean a bheith mar thoradh ar eolas a nochtadh san ionad oibre. Is cás leo nach gcaithfí leo mar a chaitear le daoine eile ag an obair nó go mbeadh tionchar diúltach ar a n-ionchais ghairme. Léirítear sna staidéir chomh maith go dtéann an cultúr a bhíonn in

3. WRC (2007) Research and Policy Development on Part 5 of Disability Act 2005 – Statutory targets on employment of people with disabilities in the public sector. www.nda.ie

eagraíocht agus caighdeán an chaidrimh leis an bhfostóir i gcion ar chinneadh chun míchumas a nochtadh. D'fhéadfadh go mbeadh sé an-ghoilliúnach ar dhuine deacrachtaí meabhairshláinte a nochtadh le fostóir.⁴ Mar sin bíonn an baol ann, maidir le sonraí a bhunaítear ar mhíchumas a nochtadh go deonach, go mbeidh fíorchéatadán na mball foirne faoi mhíchumas níos ísle ná mar ba chóir dó a bheith.

Más ann do chomhshaol oibre ina mbeadh níos mó d'iontaoibh ag daoine go gcoinneofaí nochtadh míchumais faoi rún agus nach leanfadh drochthorthaí ar bith é is é is dóichí de go mbeidh siad níos oscailte faoi. B'fhéidir go n-aireodh baill foirne níos suaimhní an t-eolas faoina míchumas a ligean le fostaí éigin ag a mbeadh feidhm leasa fostaithe, Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas, mar shampla, ná le duine éigin i bpríomhrannóg na nAcmhainní Daonna. Fuair An Post amach, mar shampla, gur chosúil gur chuir a gcinneadh na freagraí líonta go léir as an áireamh foirne a phróiseáil tríd an Rannóg Sláinte Cheirde le hiontaoibh na bhfostaithe agus go raibh na rátaí freagraí ar na sonraí i bhfad níos airde dá thoradh.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais i mbun taighde i láthair na huaire chun saincheist an nochta a chíoradh níos doimhne i gcomhthéacs chomhlíonadh Chuid 5 den Acht a thuairisciú.

4. NESF (2008) Mental Health in the Workplace, lth 33-34

2. Beartha chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis

Réamhrá

Tá sé d'oibleagáid ar gach comhlacht poiblí, de réir an dlí, gach beart réasúnach a ghlacadh chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis - mír 47(1)(a). Iarradh ar chomhlachtaí poiblí na bearta a bhí á nglacadh acu faoin gceannteideal seo a chur in iúl ina dtuarascálacha. Iarradh ar Choistí Monatóireachta chomh maith na bearta a bhreithnigh siadsan a bheith éifeachtach a mheas. D'fhéadfadh sé tarlú go mbíonn beartais agus straitéisí i bhfeidhm ag roinnt comhlachtaí poiblí chun tacú le fostú daoine faoi mhíchumas ach nach n-éiríonn leo iad sin a chlúdach sa phróiseas tuairiscithe.

Tá na tionscnaimh is minice a liostaigh comhlachtaí poiblí tugtha i dTábla 2.1 thíos. Sháraigh na comhlachtaí seo a n-oibleagáidí dlíthiúla comhdheiseanna a thairiscint do bhaill foirne faoi mhíchumas nó freastal le réasún orthu.

Tábla 2.1 – Roinnt de na príomhghníomhartha a rinne comhlachtaí poiblí chun tacú le fostú daoine faoi mhíchumas

Príomhghníomhartha	Líon comhlachta í poiblí
Socrúcháin do thaithí oibre	53
Oifigeach ainmnithe, m.sh. Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas	41
Ceangail le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas .m.sh. chun folúntais a fhógairt	25
Beartas i scríbhinn ar mhíchumas san ionad oibre	23
Beartas ar mhíchumas san ionad oibre i mbun forbartha	23
Painéil earcaíochta teoranta do dhaoine faoi mhíchumas	21
Cód cleachtais i bhfeidhm ar mhíchumas san ionad oibre	19

Níor thuairiscigh 48 comhlacht poiblí⁵ as na 370 comhlacht poiblí go raibh bearta sonracha ar bith i bhfeidhm acu; b'ionann iad seo agus 0.7% de lucht saothair na hearnála poiblí. Níos lú ná deichniúr a bhí fostaithe in 39 comhlacht de na comhlachtaí sin. Ach mar sin féin bhí an sprioc 3% sáraithe ag dhá chomhlacht de na comhlachtaí nach raibh 'bearta ar bith' i bhfeidhm acu. Tharlódh sé sna cásanna seo agus i gcásanna nach iad go raibh bearta dearfacha i bhfeidhm ach nár tuairiscíodh iad.

Ba mhian leis an Údarás Náisiúnta Míchumais béim a leagan ar an bpointe seo go bhfuil dualgas de réir dlí ar chomhlachtaí poiblí fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis chomh maith leis an spriocfhigiúr 3% a bhaint amach más indéanta sin. Lena chois sin tá ceangal soiléir feiceálach idir a bheith i mbun gníomhartha dearfacha chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus an sprioc 3% a bhaint amach. Cainíochtaíonn an

5. agus na 35 Bord Fiontar Cathrach agus Contae – ar ar tuairiscíodh mar aonad – mar chomhlachtaí ar leith

anailís mhionsonraithe atá i Mír 3 den tuarascáil seo na ceangail atá idir ghníomhartha sonracha agus an sprioc fostaíochta 3% a bhaint amach. Is iad seo a leanas na príomhthorthaí :

- Ba é ba dhóichí de go raibh a dhá oiread de sheans ann go mbainfeadh comhlachtaí poiblí a raibh beartas i scríbhinn nó cód cleachtais acu an sprioc 3% amach
- Ba é ba dhóichí de go raibh seans go leith ann go mbainfeadh comhlachtaí a sheol iniúchtaí ar rochtain ar a n-áitribh an sprioc fostaíochta amach

Roinnt samplaí áirithe de bhearta dearfacha

Is ionann na samplaí seo a leanas agus na bearta dearfacha atá á gcur i bhfeidhm mar aon le roinnt samplaí de chomhlachtaí a bhfuil an cur chuige seo á ghlacadh acu.

Bearta foirmiúla chun tacú le baill foirne faoi mhíchumas

Tá Cód Cleachtais maidir le Fostú Daoine faoi Mhíchumas i Státseirbhís na hÉireann ag an státseirbhís. Is cáipéis phraiticiúil í seo a cuireadh le chéile tar éis staidéar maith a dhéanamh agus d'fhéadfaí í a úsáid mar mhúnla ar mhaithe le réimsí eile den earnáil poiblí.

D'fhorbair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Teagasc bearta foirmiúla cuimsitheacha i leith fostú daoine faoi mhíchumas, le gairid.

I gcásanna áirithe, bíonn an beartas maidir le daoine faoi mhíchumas mar chuid de bheartas nó de chlár comhionannais níos leithne. Mar shampla, tá gníomhartha Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath chun tacú le baill foirne faoi mhíchumas ina gcuid de bheartas comhionannais atá níos leithne. Tá Coiste Monatóireachta Comhionannais ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a thugann aghaidh ar ghníomh dearfach ar mhíchumas.

Comhtháthaíonn líon áirithe de na comhlachtaí a bpleananna chun cabhrú le custaiméirí faoi mhíchumas agus le baill foirne faoi mhíchumas araon. Déileálann an Coiste do Dhaoine faoi Mhíchumas atá sa Phríomh-Oifig Staidrimh le saincheistanna a bhaineann le baill foirne faoi mhíchumas agus le custaiméirí faoi mhíchumas araon. Díríonn an t-athbhreithniú ar inrochtaineacht atá ar siúl faoi láthair ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann ar shaincheistanna baill foirne agus custaiméirí araon.

Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas/Oifigeach Comhionannais

Tá Oifigigh Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas ainmnithe ag Ranna Rialtais agus ag go leor de na comhlachtaí poiblí inar státseirbhísigh iad na baill foirne agus oibríonn na hoifigigh sin le baill foirne faoi mhíchumas. Tugtar Oifigigh Chomhionannais ar bhaill foirne a mbíonn na dualgais chéanna acu agus a bhíonn ag Oifigigh Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas sna húdaráis áitiúla agus i roinnt comhlachtaí eile. Tagann siad le chéile go minic i líonra na nOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas agus i líonra na nOifigeach Comhionannais, faoi seach, chun taithí agus dea-chleachtas a roinnt lena chéile.

Áirítear sonraí teagmhála an Oifigigh Chaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas agus na seirbhísí atá ar fáil sa lámhleabhar don fhostaí a thugtar do na baill foirne go léir, agus sna lámhleabhair a bhíonn ar

fáil tríd an inlín. Spreagtar baill foirne an tOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas a chur ar an eolas má tá siad faoi mhíchumas ionas go mbeifear ábalta tacaí cúnta a bhreithniú dóibh agus ionas go dtabharfar aghaidh ar aon saincheist sláinte agus sábháilteachta. Bíonn gach a bpléitear leis an Oifigeach Caidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas faoi rún.

Is iad seo a leanas feidhmeanna an Oifigh Chaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas:

- Pléitear cóiríocht réasúnach agus tacaí le baill foirne faoi mhíchumas agus le gach aon fhostaí nua
- Comhairlítear bainisteoirí foirne líne faoi bhaill foirne faoi mhíchumas maidir le saincheistanna mar: Tacaí agus cóir agus freastal; bainistíocht feidhmíochta; forbairt agus oiliúint foirne

Áirítear lear mór de Ranna Rialtais agus de chomhlachtaí poiblí i líonra na nOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas a chasann ar a chéile go rialta ar feadh na bliana agus a fhoilsíonn tuarascáil bhliantúil.

Curadh do Dhaoine faoi Mhíchumas

Sa bhliain 2007, chuir IdirThrádáil Éireann plean gníomhaíochta le chéile do dhaoine faoi mhíchumas, plean lena n-áirítear dhá shraith: dearcadh dearfach i leith daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn; agus rannpháirtíocht sa saol poiblí a spreagadh i measc daoine faoi mhíchumas. Tugadh an teideal ‘Curadh do Dhaoine faoi Mhíchumas’ do bhainisteoir sinsearach le go ngníomhódh sé ar son na heagraíochta agus tá seisean freagrach as na beartais atá sonraithe sa phlean gníomhaíochta a chur chun cinn.

Coiste do Dhaoine faoi Mhíchumas nó Coiste don Chomhionannas

Bhunaigh líon áirithe de chomhlachtaí poiblí Coiste do Dhaoine faoi Mhíchumas nó Coiste don Chomhionannas. Mar shampla, tá Coiste do Dhaoine faoi Mhíchumas ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, ach is Coiste Monatóireachta Comhionannais atá ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Cuireann Coistí den sórt dlús áirithe faoi fhorbairt agus faoi mhaoirsiú fhorfheidhmiú na ngníomhartha chun tacú le baill foirne faoi mhíchumas.

Ceangail le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas

Seolann líon áirithe comhlachtaí poiblí eolas faoi fholúntais thart timpeall chuig eagraíochtaí sonracha do dhaoine faoi mhíchumas amhail AHEAD (An Cumann um Rochtain ar Ardoideachas agus um Míchumas - céimithe faoi mhíchumas) nó chuig bratchomhlachtaí do dhaoine faoi mhíchumas. Rinne líon áirithe comhlachtaí poiblí ceangail le grúpaí áitiúla do dhaoine faoi mhíchumas nó thacaigh siad le comheagrais fostaíochta agus d'eagraigh siad socrúcháin phoist.

Socrúcháin taithí oibre/socrúcháin oibre a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas

Tairgeann líon áirithe comhlachtaí poiblí socrúcháin taithí oibre do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear cuid de na comhlachtaí beaga nach é is dóichí de go mbeadh folúntais rialta le líonadh acu ar an bhfoireann.

Cóiríocht réasúnach

Ceanglaítear ar fhostóirí faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004, bearta cuí réasúnacha a ghlacadh chun freastal ar dhaoine faoi mhíchumas sa phróiseas earcaíochta, san fhostaíocht agus san oiliúint. Úsáideann roinnt de na comhlachtaí

poiblí an tseirbhís sláinte saothair a bhíonn acu féin nó faigheann siad cabhair óna nOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas chun cóiríocht oiriúnach a aimsiú do bhaill foirne faoi mhíchumas. Téann comhlachtaí poiblí i gcomhairle leis na fostaithe féin, agus faigheann roinnt díobh cabhair ó speisialtóirí sláinte saothair ón taobh amuigh agus ó eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas chun treoir a thabhairt dóibh. Áirítear uaireanta oibre solúbtha, ceartuithe ar stáisiúin oibre agus soláthar teicneolaíocht chúnata leis an gcóiríocht réasúnach.

Chuir comhlacht amháin an próiseas don Phleanáil Forbartha Pearsanta in oiriúint do bhall foirne atá faoi mhíchumas intleachta. Aithníodh riachtanais oiliúna an bhaill foirne sin agus beidh an té atá i gceist ag freastal ar ranganna litearthachta agus ar chúrsaí i scileanna ríomhaireachta.

Míchumas faighte

Tá clár athshlánúcháin agus clár athchóirithe á soláthar ag An Post d'aon fhostaí a fhaigheann míchumas a fhad is a bhíonn sé nó sí fostaithe ag An Post. Thug RTÉ nósanna nua imeachta i leith polasaí saoire bhreiteachta isteach le gairid agus tá sé d'aidhm leo baill foirne a bhfuil míchumas faighte acu a choinneáil agus tacú leo. Déantar é seo le cabhair ón lia-chomhairleoir saothair atá ag RTÉ.

Oiliúint a chur ar an bhfoireann maidir le míchumas

Thuairiscigh 51 eagraíocht go raibh oiliúint á cur acu ar an bhfoireann maidir le míchumas nó go raibh sin curtha i bhfeidhm acu. Bhí an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ar cheann de na samplaí a tuairiscíodh a thairgeann réimse de chúrsaí oiliúna dá fhostaithe lena n-áirítear trí mhodúl in oiliúint i gcomhionannas míchumais faoi choimirce an Chláir DORAS (Seirbhís um Measúnú Earcaíochta Dírithe ar Dhaoine faoi Mhíchumas). Modúl éigeantach

is ea Modúl a hAon agus is gá do na fostaithe go léir é a dhéanamh ach is dóibh siúd a bhfuil feidhmeanna sonracha acu a thairgtear Modúl a Dó agus Modúl a Trí.

Shann comhlacht amháin dlúthchairde oilte do na baill foirne sin ar a fhoireann ar a bhfuil diaibéiteas ar mhaithe leis na baill sin.

Suímh inlín ar a bhfuil leathanaigh a bhaineann le saincheistanna míchumais

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine ar dhá cheann de na comhlachtaí a d'fhorbair suímh inlín ar a bhfuil ábhair a bhaineann le míchumas, cosúil le treoir feasachta míchumais, sonraí faoi thacaí agus acmhainní eile atá ag an eagraíocht do dhaoine faoi mhíchumas.

Clár cur chun cinn sláinte/folláine do gach fostaí

Thuairiscigh líon áirithe comhlachtaí go raibh Clár Cúnaimh d'Fhostaithe i bhfeidhm acu. Thuairiscigh roinnt comhlachtaí go raibh clár cur chun cinn feasachta sláinte nó clár cur chun cinn folláine d'fhostaithe á sholáthar acu. Bhí seisiúin maidir le feasacht struis, oistéapóróise, agus diaibéitis san áireamh sna Seimineáir Feasachta Sláinte de chuid Forfás. Tionólann Foras na Mara imeacht bliantúil maidir le Cur chun cinn Folláine Fostaithe, imeacht a mhaireann seachtain agus lena n-áirítear ceardlanna ar bhainistiú struis, sraith siúlóidí agus rití, roghanna bianna sláintiúla sa bhialann agus cur i láthair ar fheasacht ailse.

Céard iad na gníomhartha a bhí úsáideach

Iarradh ar Choistí Monatóireachta na bearta a bhí á nglacadh ag comhlachtaí poiblí a mheas chun a fháil amach cé acu ar éirigh go maith leo nó a bhí úsáideach. I bhformhór na gcásanna bhraith na Coistí Monatóireachta ar mheasúnú na gcomhlachtaí poiblí féin maidir leis na straitéisí a shíl siadsan a bhí úsáideach chun tacú le fostú daoine faoi mhíchumas.

I bhformhór na gcásanna thuairiscigh comhlachtaí poiblí go raibh na bearta go léir a bhí á nglacadh acu úsáideach.

Beartas foirmiúil ar mhíchumas

Tá tús curtha ag roinnt de na fostóirí is mó san earnáil poiblí le beartas faoi mhíchumas a fhorbairt go córasach dá bhfostaithe nó tá siad ina bhun sin faoi láthair. Tuairiscíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil ag éirí go maith leis an straitéis ar mhíchumas agus leis an bplean gníomhaíochta atá aici. Tá An Post i mbun chomh-athbhreithniú, i gcomhar leis na ceardchumann, maidir lena gcód ar mhíchumas. Ghlac Teagasc le beartas mionsonraithe, i scríbhinn, do dhaoine faoi mhíchumas, le gairid. Tá beartas den sórt á dhréachtú ag RTÉ faoi láthair. Tá IdirThrádáil Éireann i mbun iniúchta faoi láthair ar a bhearta agus ar a nósanna imeachta féin. Agus í ag ullmhú i gcomhair dhámhachtain an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais 'Feabhas trí Inrochtaineacht' dhírigh Comhairle Cathrach Phort Láirge an athuair ar mhíchumas agus b'fhacthas di dá dheasca sin gurbh fhiú go mór é ó thaobh eolas ar mhíchumas a scaipeadh ar an bhfoireann agus ó thaobh seirbhísí níos inrochtana a sholáthar do chustaiméirí faoi mhíchumas.

Tacaíocht agus daoine a choinneáil i bhfostaíocht

Is iomaí duine a gheobhaidh míchumas ón uair a rachaidh sé nó sí i mbun a shaoil nó a saoil oibre. Tharraing roinnt comhlachtaí poiblí aird ar fhiúntas na gclár atá chun tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a mbíonn míchumas faighte acu chun cur ar a gcumas fanacht i bhfostaíocht trí bhíthin bearta den sórt seo a leanas: bearta cóiríochta in imthosca athraithe; uaireanta oibre solúbtha; roghanna a bheith ann oibriú ón mbaile; cláir chúnaimh d'fhostaithe; cláir sláinte cheirde; agus tacaí eile. Chuir Comhairle Contae Liatroma béim ar a thábhachtaí is atá sé dul i gcomhairle leis an bhfoireann.

Thuairiscigh An Post ar a fheabhas is a d'éirigh lena chlár athshlánúcháin féin d'oibrithe a raibh míchumas faighte acu agus a d'fhill de réir a chéile ar a gcuid oibre. Thuairiscigh comhlachtaí eile a thábhachtaí is a bhíonn sé tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne a dtagann athrú ar a n-imthosca pearsanta mar gheall ar mhíchumas a bheith faighte acu. Chuir Forfás béim ar fhiúntas na gclár cúnaimh d'fhostaithe. Ba í taithí Chomhairle Contae an Longfoirt gur mhór an chabhair iad na cláir oiliúna a bhí curtha in oiriúint do bhaill foirne faoi mhíchumas.

Earcaíocht

I líon áirithe cásanna, thuairiscigh comhlachtaí nach raibh daoine faoi mhíchumas ag cur isteach ar na poist cé gur thug na comhlachtaí féin síos san fhógraíocht a rinne siad gur fostóirí comhdheiseanna iad. Ba í taithí roinnt de na comhlachtaí gur chabhair iad na comórtais a bhí teoranta do dhaoine faoi mhíchumas i ndáil lena sciar de dhaoine a bhí faoi mhíchumas a fhostú. Ba í taithí líon áirithe d'eagraíochtaí gur chabhair iad na ceangail struchtúrtha le heagraíochtaí áitiúla do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear comheagrais fostaíochta tacaíthe. Tá ceangail idir Comhairle Contae Chill Dara agus KARE, an tseirbhís i

gcomhair daoine faoi mhíchumas intleachta. Tugann Fiontraíocht Éireann daoine isteach as Áras Mhichíl atá ina aice láimhe chun obair athchúrsála a dhéanamh. D'earcaigh Cuideachta Náisiúnta Graí na hÉireann Teo. foireann garraíodóireachta go háitiúil as an tseirbhís do dhaoine faoi mhíchumas intleachta. Thuairiscigh Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh go bhfuair daoine faoi mhíchumas, dár tugadh socrúcháin oibre nó ar tógadh iad mar dhaoine faoi oiliúint, deis níos déanaí fostaíocht rialta a fháil dóibh féin. Roghnaigh líon áirithe gníomhaireachtaí a bhí ar bheagán folúntas daoine faoi mhíchumas a fhostú ar shocrúcháin oibre. Chuir Comhairle Contae Phort Láirge béim ar a thábhachtaí is atá sé earcaigh nua faoi mhíchumas a lánpháirtiú sa lucht saothair.

B'fhacthas do chuid de na comhlachtaí poiblí gurbh iontach an chabhair dóibh na seirbhísí a bhí á gcur ar fáil ag an scéim AHEAD agus ag an scéim WAM (Willing, Able Mentoring) agus iad ag earcú céimithe faoi mhíchumas.

Iniúchtaí ar Rochtain

Thuairiscigh comhlachtaí poiblí gurbh úsáideach an cleachtadh a bhí sna hiniúchtaí ar rochtain faoi mar a léirítear ó thorthaí staitisticí.

Conclúid

Thuairiscigh comhlachtaí poiblí go bhfuiltear i mbun raon de ghníomhartha éagsúla chun tacú le fostú daoine faoi mhíchumas agus é a chur chun cinn agus chuir siad síos ar na gníomhartha atá éifeachtach, dar leo. Is iomaí ceacht atá foghlamtha agus is iomaí deis atá faighte ag comhlachtaí poiblí ceacht a fhoghlaim as straitéisí rathúla atá agus a bhí ag comheagraíochtaí ón mbliain 1977 nuair a leagadh síos go neamhrechtúil an sprioc daoine faoi mhíchumas a

fhostú. Is léir go bhfuil ceangal soiléir staitistiúil idir tabhairt faoi bhearta sonracha chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis agus an sprioc fostaíochta 3% a chur i gcrích go rathúil.

Bhí sé le rá ag roinnt de na comhlachtaí poiblí gur díriodh an athuair ar shaincheistanna faoi mhíchumas ag an obair agus gur tarraingíodh aird arís orthu de bharr an áirimh foirne a rinneadh agus gurbh é sin a chuir dlús faoina thuilleadh gníomhartha sa réimse seo.

3. Sonraí ar sprioc fostaíochta 3% na bliana 2007

Réamhrá

Fuair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais 263⁶ tacar sonraí ar an sprioc sonraí 3% don bhliain 2007 inar clúdaíodh Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais agus bhí breis is 370 eagraíocht san áireamh sna tacair sin.⁷ Is ionann sin agus breis is 20% d'ardú ar an líon tacair shonraí a tuairiscíodh don bhliain 2006 (217 tacar sonraí).

D'fhéadfadh go bhféadfaí an t-ardú a mhíniú go príomha mar go bhfuarthas tacair shonraí roinnt comhlachtaí poiblí a bhí tugtha isteach i bhfigiúirí a máthair-Ranna i sonraí na bliana 2006 mar a bhí faighte ag an Údarás Náisiúnta Míchumais. Chomh maith leis an ardú sa líon tacair shonraí a fuarthas bhí feabhas tagtha, tríd id tríd, ar chaighdeán na sonraí le hais mar a bhí an bhliain roimhe sin.

Bhí beagnach 239,000 (238,833) de lucht saothair sna heagraíochtaí ar tugadh léargas orthu i sonraí na bliana 2007 agus tuairiscíodh go raibh 2.5% (5,879) den lucht saothair sin faoi mhíchumas de réir mar a shainmhínítear 'míchumas' san Acht.

Maidir leis an gcleachtadh bailithe sonraí don bhliain 2007 mhol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais go mbaileofaí na sonraí trí áireamh foirne a dhéanamh ar na fostaithe. Ba é an t-áireamh foirne amháin (Tábla 3.1) a d'úsáid beagnach dhá thriain (65.1%) de na heagraíochtaí a chuir eolas ar fáil faoin modh bailithe a d'úsáid siad. Ba 73.9%

6. Fuair an tÚdarás Náisiúnta Míchumais 25 tacar sonraí a bhain leis an sprioc chomh maith. Baineann siad seo le comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus a sholáthair na sonraí cé nach measann a Roinn go bhfuil sé d'obleagáid orthu tuairisciú faoin Acht. Ní áirítear sonraí ó na comhlachtaí seo san anailís thuas ach cuirtear i láthair iad i bhfoirm tábla in Aguisín B.
7. Is le aon eagraíocht amháin a bhaineann formhór na dtacar sonraí. Ach baineann roinnt tacar sonraí le níos mó ná aon eagraíocht amháin, áfach, - na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach go suntasach mar ar seoladh iomlán sonraí an 150 ball foirne isteach le chéile in aon tacar sonraí amháin agus bhí sonraí na gComhairlí Ceantair Uirbigh agus sonraí eagraíochtaí contae faoi údaráis áitiúla san áireamh sna freagraí a rinne a máthairúdaráis, faoi seach.

meánráta na n-eagraíochtaí a ghlac páirt san áireamh. D'úsáid na heagraíochtaí atá fágtha áireamh foirne in éineacht le modh (modhanna) eile (18.0%), nó níor úsáid siad ach modh (modhanna) eile (16.9%). Áirítear ar na modhanna eile taifid Acmhainní Daonna, taifid mhíochaine, taifid speisialta earcaíochta as comórtais, sonraí shuirbhé na bliana 2006 agus taifid ar chóiríocht réasúnach.

Tábla 3.1 Modh bailithe sonraí

Comhlachtaí	n	%
Áireamh Foirne amháin	170	65.1
Áireamh foirne agus modh(modhanna) eile	47	18.0
Modh(modhanna) eile agus é(iad) sin amháin	44	16.9
Iomlán	261	100.0

Tá táblaí ginearálaithe agus tráchttaireacht i ndáil leis na sonraí a fuarthas sa chuid eile den chaibidil seo. Tugtar na sonraí i bhfoirm tábla ó eagraíocht go heagraíocht in Aguisín A.

An sprioc fostaíochta 3% a bhaint amach

Foriomlán

Thuairiscigh os cionn leath (51.3 %) de na heagraíochtaí gur bhain siad amach nó gur sháraigh siad an sprioc fostaíochta 3% don bhliain 2007 (Tábla 3.2). Is mór an t-ardú é sin ar na sonraí don bhliain 2006 ós gur 36% de chomhlachtaí a thuairiscigh gur bhain siad an sprioc amach nó gur sháraigh siad í. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, gur cuireadh an 36% i láthair mar íosfhiigiúr sa bhliain 2006 de bharr na saincheistanna a bhain le bailiú sonraí sa chéad bhliain.

Thug beagán le cois aon ceathrú (25.9%) cuid de na heagraíochtaí le fios nach raibh ball foirne ar bith i lucht saothair na heagraíochta a bhí faoi mhíchumas – íslíú ó 31% sa bhliain 2006.

Tábla 3.2 An sprioc fostaíochta 3% a bhaint amach

Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas	n	%
Nialas	68	25.9
0.1% < 1%	7	2.7
1% < 2%	24	9.1
2% < 3%	29	11.0
3% +	135	51.3
Iomlán	263	100.0

Méid na nEagraíochtaí

B'éagsúil amach is amach méid na n-eagraíochtaí. Bhí deichniúr nó níos lú ar an bhfoireann i mbreis is eagraíocht amháin as gach ocht n-eagraíocht (Tábla 3.3). Bhí idir 11 agus 50 fostaí sa lucht saothair iomlán i mbeagán le cois aon cúigiú cuid (21.3%) de na heagraíochtaí agus bhí a chomhchosúil de chéatadán (22.8%) idir eagraíochtaí ina raibh idir 51 agus 200 fostaí. B'ionann na heagraíochtaí móra ina raibh 1,000 ball foirne nó níos mó agus díreach 14.4% de na heagraíochtaí a chuir freagraí ar ais. Cé nach raibh sna heagraíochtaí níos mó seo ach aon seachtú cuid de na heagraíochtaí óna dtáinig tuairisc b'ionann iad le chéile agus breis is 80% den lucht saothair iomlán sna comhlachtaí go léir óna dtáinig tuairisc.

Tábla 3.3 Méid na n-eagraíochtaí

Líon fostaithe	n	%	% den lucht saothair iomlán
10 nó níos lú	34	12.9	0.1
11 - 50	56	21.3	0.7
51 - 200	60	22.8	2.7
201 - 500	39	14.8	5.5
501 – 1,000	36	13.7	10.7
1,001 – 5,000	33	12.5	31.4
5,001 – 85,000	5	1.9	49.0
Iomlán	263	100.0	100.0

Is cosúil go mbíonn tionchar mór ag méid na heagraíochta ar cibé an mbaintear an sprioc 3% amach. Tagann ardú ó níos lú ná aon deichiú cuid (8.8%) de chomhlachtaí ina bhfuil deichniúr nó níos lú sa lucht saothair go beagnach trí ceathrú cuid (73.3%) de chomhlachtaí ina bhfuil idir 201 agus 1,000 fostaí sa lucht saothair (Tábla 3.4) ar chéatadán na n-eagraíochtaí a bhaineann amach nó a sháraíonn an sprioc. Titeann an céatadán a bhain amach an sprioc, mar sin féin, go 55.3% maidir le grúpa na n-eagraíochtaí is mó (1,001 go 85,000 fostaí). Tuairiscíodh céatadán comhchosúil le méid na n-eagraíochtaí a bheith i sonraí na bliana 2006.

Is cosúil, dá réir sin, gurb é is dóichí de go dtuairisceoidh eagraíochtaí níos lú nach bhfuil ball foirne ar bith dá lucht saothair faoi mhíchumas. Thuairiscigh breis is naoi gcinn de chomhlachtaí as gach deich gcinn (91.2%) inar lú ná deichniúr líon a lucht saothair nach raibh duine ar bith de na fostaithe a d'fhostaigh siad faoi mhíchumas. Níor thuairiscigh ach eagraíocht amháin ina bhfuil 201-1,000 fostaí ina lucht saothair an céanna agus níor thuairiscigh eagraíocht ar bith ina bhfuil 1,001+ fostaí an céanna.

Tábla 3.4 Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas de réir mhéid na n-eagraíochtaí

Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas	Líon fostaithe									
	10 nó níos lú		11- 50		51- 200		201-1,000		1,001- 85,000	
	n.	%	n	%	n	%	n	%	n	%
Nialas	31	91.2	28	50.0	8	13.3	1	1.3	0	Nialas
0.1% < 1%	0	Nialas	0	Nialas	0	Nialas	2	2.7	5	13.2
1% < 2%	0	Nialas	0	Nialas	12	20.0	8	10.7	4	10.5
2% < 3%	0	Nialas	8	14.3	4	6.7	9	12.0	8	21.1
3% +	3	8.8	20	35.7	36	60.0	55	73.3	21	55.3
Iomlán	34	100.0	56	100.0	60	100.0	75	100.0	38	100.0

An cineál eagraíochta

Maidir le cineál na n-eagraíochtaí a chuir freagraí ar ais, rangáíodh gur chomhlachtaí poiblí neamhthráchtála díreach os cionn a leath (51.1%) de na heagraíochtaí (Tábla 3.5).

Tábla 3.5 An cineál eagraíochta

An cineál eagraíochtas	n	%	% den lucht saothair
Roinn Rialtais ⁸	16	6.1	8.4
Comhlacht poiblí inar státseirbhísigh an fhoireann	54	20.7	7.4
Rialtas Áitiúil	39	14.9	16.0
Tráchtáil	22	8.4	16.8
Neamhthráchtáil	128	49.0	51.1
Neamhrannach	2	0.8	0.2
Iomlán	261	100.0	100.0

8. Cé nach bhfuil ann ach 15 Roinn Rialtais sheol an Roinn Cosanta dhá thacar ar leith de shonraí isteach rud a fhágann go bhfuil 16 tacar sonraí sa chatagóir seo. Baineann tacar amháin de chuid na Roinne Cosanta leis na státseirbhísigh a bhí fostaithe sa Roinn. Baineann an dara tacar le fostaithe sibhialta atá fostaithe ag an Roinn Cosanta thar ceann na bhFórsaí Cosanta. Ní baill de na Fórsaí Cosanta iad seo agus níl feidhm ag Cuid 5 den Acht maidir leo.

Ba Ranna Rialtais (87.5%) agus eagraíochtaí rialtais áitiúil (76.9%) na comhlachtaí ba é ba dhóichí de a bhain amach nó a sháraigh an sprioc fostaíochta 3% (Tábla 3.6). Tá miondealú iomlán de shonraí ó Ranna Rialtais le fáil in Aguisín A agus is féidir a thabhairt faoi deara ann maidir leis an dá Roinn Rialtais i dTábla 3.6 thíos nár bhain amach an sprioc fostaíochta 3%, gur bhain An Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia amach ráta fostaíochta 2.6% de dhaoine faoi mhíchumas (bunaithe ar fhreagra 64% ar an Áireamh foirne). Ba í An Roinn Gnóthaí Eachtracha ag a raibh ráta fostaíochta 2.1% de dhaoine faoi mhíchumas an Roinn eile nár bhain amach an sprioc. Ba 31.3% den fhoireann a ghlac páirt san áireamh foirne sa Roinn seo, áfach, agus bunaíodh freagra na Roinne ar an ráta sin.

Tábla 3.6 Scair den fhoireann faoi mhíchumas de réir chineál na heagraíochta

Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas	An cineál eagraíochta											
	R		CPSF		Á		T		NT		CPNT	
	n	%	n	%	n	%	n	%	n	%	n	%
Nialas	0	Nialas	20	37.0	4	10.3	2	9.1	41	32.0	0	0.0.
0.1 < 3%	2	12.5	8	14.8	5	12.8	11	50.0	33	25.	1	50.0
3% +	14	87.5	26	48.1	30	76.9	9	40.9	54	42.2	1	50.0
Iomlán	16	1000	54	1000	39	1000	22	1000	128	1000	2	1000

R Roinn Rialtais

CPSF Comhlacht poiblí inar státseirbhísigh an fhoireann

RÁ Rialtas Áitiúil

T Tráchtáil

NT Neamhtráchtáil

CPNT Comhlacht Poiblí Neamhrannach

Iniúchtaí ar Rochtain

Chuir beagnach a leath (48.5%) de na heagraíochtaí in iúl go ndearna siad iniúchadh ar rochtain chuig a n-áitribh agus/nó a láithreacha (Tábla 3.7). Chuir 26.5% eile in iúl go ndearna siad iniúchadh ar rochtain ar roinnt de na háitribh agus/nó na láithreacha ach nach ndearna siad iniúchadh ar na háitribh ná ar na láithreacha go léir.

Tábla 3.7 Iníúchadh ar rochtain ar áitribh agus/nó ar láithreacha

Iníúchadh ar rochtain ar áitribh agus/nó ar láithreacha	n	%
Déanta	126	48.5
Déanta ar roinnt díobh	69	26.5
Níl déanta	65	25.0
Iomlán	260	100.0

Ba é ba dhóichí de gur bhain eagraíochtaí a rinne iniúchadh ar rochtain ar roinnt dá n-áitribh/dá láithreacha nó ar a n-áitribh agus/nó ar a láithreacha go léir (56.4%) amach nó gur sháraigh siad an sprioc fostaíochta 3% le hais mar a rinne na comhlachtaí siúd nach ndearna iniúchadh ar bith ar rochtain (35.4%) (Tábla 3.8). Ba é ba dhóichí de go raibh a dhá oiread (43.1%) de sheans ann nach mbeadh ball foirne ar bith faoi mhíchumas i lucht saothair na gcomhlachtaí siúd nach raibh iniúchadh ar bith ar rochtain déanta acu le hais mar a bheadh sna comhlachtaí siúd a rinne iniúchadh iomlán nó páirteach ar rochtain (20.5%).

Tábla 3.8 Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas de réir iniúchadh ar rochtain

Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas	Iniúchadh ar rochtain ar na háitribh agus/nó ar na láithreacha go léir nó ar roinnt díobh		Ní dhearnadh Iniúchadh ar Rochtain	
	n	%	n	%
Nialas	40	20.5	28	43.1
0.1% < 3%	45	23.1	14	21.5
3% +	110	56.4	23	35.4
Iomlán	195	100.0	65	100.0

Beartas/cód cleachtais i scríbhinn

Chuir formhór (84.4%) na n-eagraíochtaí in iúl go raibh plan gníomhaíochta nó beartas i scríbhinn acu maidir le fostú daoine faoi mhíchumas agus/nó go raibh siad faoi réir ag cód cleachtais maidir le fostú daoine faoi mhíchumas (Tábla 3.9). Mar sin féin bhí caighdeán na sonraí a fuarthas sa réimse áirithe seo easpach ar uairibh agus d'fhéadfadh go rabhtas rófhlaithiúil leis an bhfigiúr 84.4% a tuairiscíodh.

Tábla 3.9 Beartas/cód cleachtais i scríbhinn i ndáil le fostú daoine faoi mhíchumas

Beartas/cód cleachtais i scríbhinn	n	%
Déanta	217	84.4
Níl déanta	40	15.6
Iomlán	257	100.0

Ba é ba dhóichí de go raibh a dhá oiread de sheans ann go mbainfeadh eagraíochtaí a thuairiscigh go raibh plan gníomhaíochta nó beartas i

scríbhinn acu i ndáil le fostú daoine faoi mhíchumas nó a bhí faoi réir ag cód cleachtais maidir leis sin (55.8%) an sprioc fostaíochta 3% amach nó go sáródh siad í le hais mar a dhéanadh comhlachtaí nach raibh beartas i scríbhinn acu ná nach raibh faoi réir ag cód cleachtais (25.0%) (Tábla 3.10).

Tábla 3.10 Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas de réir beartas/cód cleachtais i scríbhinn a bheith i bhfeidhm maidir le fostú daoine faoi mhíchumas

Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas	Beartas/cód cleachtais i scríbhinn		Gan beartas/cód cleachtais i scríbhinn i bhfeidhm	
	n	%	n	%
Nialas	51	23.5	17	42.5
0.1% < 3%	45	20.7	13	32.5
3% +	121	55.8	10	25.0
Iomlán	217	100.0	40	100.0

Taithí oibre

Chuir beagnach ocht gcinn d'eagraíochtaí as gach deich gcinn (79.8%) in iúl nach raibh duine ar bith a bhí faoi mhíchumas ar thaithí oibre ina n-eagraíocht (Tábla 3.11). Bhí duine amháin a bhí faoi mhíchumas ar thaithí oibre in aon ochtú cuid (12.5%) de na heagraíochtaí agus bhí ó bheirt go 16 duine faoi mhíchumas (7.8%) ar thaithí oibre sna comhlachtaí atá fágtha. D'fhostaigh roinnt Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí céimithe faoin gclár WAM (Willing Able Mentoring) a bhí á reáchtáil ag an gCumann um Rochtain ar Ardoideachas agus um Míchumas (AHEAD). Ní bheadh léargas ar na socrúcháin seo go léir sna tuarascálacha reachtúla ó tharla go mbeadh roinnt de na tuarascálacha críochnaithe roimh an dáta tagartha, sé sin deireadh na bliana 2007.

Tábla 3.11 Daoine faoi mhíchumas ar thaithí oibre

Líon na ndaoine faoi mhíchumas ar thaithí oibre	n	%
Gan duine ar bith	205	79.8
Duine amháin (1)	32	12.5
2-16 duine	20	7.8
Iomlán	257	100.0

Ba é ba dhóichí de (65.4%) gur bhain eagraíochtaí ina raibh duine amháin nó níos mó ná duine amháin faoi mhíchumas ar thaithí oibre amach nó gur sháraigh siad an sprioc fostaíochta 3% le hais eagraíochtaí nach raibh duine ar bith faoi mhíchumas ar thaithí oibre iontu (47.3%) (Tábla 3.12).

Tábla 3.12 Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas de réir na ndaoine faoi mhíchumas ar thaithí oibre

Céatadán den fhoireann faoi mhíchumas	Líon na ndaoine faoi mhíchumas ar thaithí oibre			
	Gan duine ar bith		Duine amháin (1) nó níos mó ná duine amháin	
	n	%	n	%
Nialas	65	31.7	3	5.8
0.1% < 3%	43	21.0	15	28.8
3% +	97	47.3	34	65.4
Iomlán	205	100.0	52	100.0

Earcaíocht agus athrúchán foirne

Chuir aon ceathrú cuid (24.9%) d’eagraíochtaí in iúl nár earcaigh siad féin a bhfoirne féin (Tábla 3.13).

Tábla 3.13 Earcaíocht foirne⁹

Earcaíonn siad féin a bhfoireann go léir nó formhór a bhfoirne féin	n	%
Earcaíonn	196	75.1
Ní earcaíonn	65	24.9
Iomlán	261	100.0

Chuir 189 de na heagraíochtaí a léirigh gur earcaigh siad féin a bhfoireann go léir nó formhór a bhfoirne eolas ar fáil faoin líon daoine a earcaíodh sa bhliain 2007. Ní raibh ann ach aon eagraíocht amháin as gach deich gcinn d’eagraíochtaí (10.1%) nár earcaigh daoine le linn na bliana (Tábla 3.14). D’earcaigh na heagraíochtaí eile trí chéile breis is 31,000 fostaí sa bhliain 2007. Is ionann an leibhéal tuairiscithe earcaíochta seo agus 15.9% den lucht saothair iomlán sa 189 eagraíocht seo.

Tuairiscíodh as na freagraí a fuarthas don bhliain 2006 gur díreach os cionn 10,000 fostaí a earcaíodh an bhliain sin.¹⁰

9. Áirítear san earcaíocht baill nua foirne a earcaíodh sa tseirbhís phoiblí agus baill foirne a d’aistrigh ó chomhlacht poiblí amháin go comhlacht poiblí eile (lena n-áirítear líon mór de bhaill foirne a d’aistrigh idir rannóga leis an díláru)

10. Níor sholáthair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sonraí ar earcaíocht i bhfreagraí na bliana 2006. Maidir le 2007, chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in iúl gur earcaigh sí beagnach 19,000 ball foirne.

Tábla 3.14 Athrúchán foirne

Líon fostaithe a earcaíodh sa bhliain 2007	Fostaithe	Comhlachtaí	%
Níor earcaíodh duine ar bith		19	10.1
Earcaíodh duine (1) nó níos mó ná duine amháin		170	89.9
Iomlán		189	100.0
Líon iomlán na bhfostaithe a earcaíodh	31,490		

Chuir 186 de na heagraíochtaí a bhíonn freagrach as a bhfoireann go léir nó as formhór a bhfoirne a earcú an líon folúntas a bhí acu ag deireadh na bliana 2007 in iúl. Chuir isteach agus amach le haon triain (31.7%) in iúl nach raibh folúntais ar bith san eagraíocht (Tábla 3.15). Bhí breis agus 2,700 folúntas sna comhlachtaí a bhí fágtha. Ba 2,267 líon na bhfolúntas a tuairiscíodh i sonraí na bliana 2006.

Tábla 3.15 Folúntais foirne

Líon folúntas ag deireadh na bliana 2007	Fostaithe	Comhlachtaí	%
Gan folúntas ar bith		59	31.7
Folúntas amháin (1) nó níos mó ná folúntas amháin		127	68.3
Iomlán		186	100.0
Iomlán na bhfolúntas	2,714		

4. Céimeanna chun an sprioc a bhaint amach

Cúiseanna gur theip ar chomhlachtaí poiblí an sprioc 3% a bhaint amach

Faoi Chuid 5 den Acht, tá dualgas ó thaobh an dlí de ar chomhlachtaí poiblí:

“unless there is good reason to the contrary for not doing so”, (mura mbeidh cúis mhaith lena mhalairt gan déanamh amhlaidh) an sprioc fostaíochta 3% a bhaint amach.

Tugtar aghaidh sa mhír seo den tuarascáil ar sheasamh na gcomhlachtaí poiblí nár bhain an sprioc amach, na cúiseanna a thug siad faoi gan í a bhaint amach agus a bhfuil beartaithe acu don todhchaí. Tá moltaí curtha le chéile ag an Údarás Náisiúnta Míchumais ag deireadh na míre seo agus ba chóir go gcuideodh siad leis na comhlachtaí poiblí sin an sprioc a chomhlíonadh.

Níor chomhlíon 128 comhlacht poiblí san iomlán an sprioc fostaíochta 3%.

Thug comhlachtaí poiblí cúiseanna éagsúla faoi nár éirigh leo an sprioc a bhaint amach. Thug go leor eagraíochtaí níos mó ná aon chúis amháin a bhí ina mbaic orthu daoine faoi mhíchumas a fhostú nó an sprioc a bhaint amach.

Saincheisteanna sonraí

Luaigh comhlachtaí poiblí i roinnt cásanna go raibh fadhbanna acu taifead cruinn a thabhairt ar líon na mball foirne faoi mhíchumas a bhí fostaithe iontu. Bhí an céatadán foirne faoi mhíchumas a tuairiscíodh faoi bhun na sprice dá thoradh sin. Bunaíodh figiúirí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an ráta freagraí (37%) a fuarthas ar an áireamh foirne ar mhíchumas. Aithníonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais gur bhain dúshlán ar leith le sonraí den sórt a bhailiú in eagraíocht atá chomh mór agus chomh casta le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Luaigh aonad fostaithe sibhialta na nGardaí, An tSeirbhís Chúirteanna agus Coillte chomh maith go raibh fadhbanna acu freagra iomlán a fháil ar an áireamh foirne. Dúirt ceithre cinn de na cúig údarás áitiúla a bhí faoi bhun na sprice nach raibh na sonraí críochnúil nó go raibh drogall ar bhaill foirne míchumas a nochtadh go foirmiúil. Rinne roinnt comhlachtaí an argóint go raibh siad ar an eolas faoi bhaill foirne faoi mhíchumas a raibh cabhair á tabhairt dóibh nó freastal á dhéanamh orthu ach nár léiríodh amhlaidh go hiomlán sna figiúirí oifigiúla a taifeadadh mar gurbh áireamh deonach a bhí san áireamh foirne.

Glacann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais leis, i gcás comhlachtaí ag a raibh comhaireamh neamhchríochnúil de bhaill foirne faoi mhíchumas, go bhféadfadh go mbeadh an céatadán bunúsach de na baill foirne faoi mhíchumas níos airde ná an céatadán a thugtar síos sna táblaí.

Méid na nEagraíochtaí

Ba í an chúis ba chomónta a tugadh faoi nár comhlíonadh an sprioc 3% gurbh eagraíochtaí beaga iad na heagraíochtaí agus gur bheag an t-athrúchán foirne a bhí ag tarlú iontu. Admhaíonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais gur gné dháiríre í méid na n-eagraíochtaí. Ní raibh baill foirne ar bith faoi mhíchumas fostaithe in eagraíochtaí an-bheaga, mar a shamhlófaí. Ní raibh baill faoi mhíchumas ach i dtrí cinn de na 34 comhlacht ina raibh níos lú ná deichniúr ball foirne. Bhí níos

Iú ná 30 ball foirne i 43 de na heagraíochtaí a bhí faoi bhun an 3%. Tugann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais faoi deara chomh maith go raibh céim dhearfach tógtha ag 18 de na comhlachtaí a bhí faoi bhun na sprice sa mhéid is go raibh taithí oibre nó socrúcháin oiliúna á soláthar acu do dhaoine faoi mhíchumas.

Léirítear sa taithí le comhlachtaí ina bhfuil isteach agus amach le 50 ball foirne gur féidir an sprioc 3% a bhaint amach a thúsce is a bhíonn 50 sa líon foirne. Is díol suntais é gur bhain aon triain de na comhlachtaí ina raibh ó 11 go 50 ball foirne (Tábla 3.4) an sprioc 3% amach; tríd is tríd ba chomhlachtaí ina raibh an líon foirne níos gaire don 50 na comhlachtaí siúd. Léiríonn sé seo gur féidir an sprioc a bhaint amach i gcomhlachtaí ina bhfuil an líon foirne sin ach cúinsí agus beartais thacúla a bheith i bhfeidhm iontu.

Tá díomá ar an Údarás Náisiúnta Míchumais gur thaifead ocht gcomhlacht sa chatagóir foirne ó 51-200 agus comhlacht amháin sa chatagóir foirne 200 agus níos airde ná sin, nach raibh ball foirne ar bith faoi mhíchumas fostaithe iontu. Níor chóir gur chúis bhailí í an mhéid, inti féin, a bheadh in eagraíocht le nach mbeadh ball foirne ar bith faoi mhíchumas sna heagraíochtaí seo. Is cóir go mbeadh dóthain éagsúlachta sna feidhmeanna, in eagraíochtaí den mhéid seo, chun deiseanna oiriúnacha oibre a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. D'fhéadfadh go mbeifí ag súil leis chomh maith in eagraíochtaí ar scála mar seo go beadh sé d'acmhainneacht ag Acmhainní Daonna beartas foirmiúil a fhorbairt agus a fheidhmiú chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú léi.

An cineál oibre

Ba í an chéad chúis eile ba mhinice a thug roinnt comhlachtaí poiblí gur obair láimhe an obair a dhéanann an eagraíocht agus/nó gur gá d'fhostaithe a bheith aclaí agus leibhéal ard soghluaisteachta a bheith acu. Níor chreid na comhlachtaí gur poist oiriúnacha do dhaoine faoi

mhíchumas na poist sin. Dúirt roinnt comhlachtaí gur gá sainscileanna agus saineolas i gcomhair a bpost nó gur poist iad a bhfuil gné na sábháilteachta ríthábhachtach iontu. Leag Coiste Monatóireachta na Roinne Iompair béim ar thábhacht ghné na sábháilteachta in go leor de na poist atá i ngníomhaireachtaí na Roinne.

Admhaíonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais a thábhachtaí is atá sé daoine, mar aon lena scileanna agus lena n-inniúlachtaí a mheaitseáil le riachtanais an phoist agus nach n-oireann gach post do gach duine. D'fhéadfadh nach n-oirfeadh obair a bhfuil gné fhisiceach ag gabháil léi do dhaoine a bhfuil cineálacha sonracha lagaithe ag gabháil dóibh ach d'fhéadfadh gur mhaith mar a d'oirfeadh sí do dhaoine a bhfuil cineálacha eile míchumais ag gabháil dóibh. Bhí samplaí sna tuairiscí a cuireadh faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais a thaispeáin go ndeachaigh comhlachtaí poiblí i gcomhar le heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas intleachta a chuirfeadh baill foirne ar fáil chun obair gharraíodóireachta agus athchúrsála a dhéanamh dóibh. Dúirt comhlacht poiblí amháin gur obair fhisiceach an chuid is mó den obair a bhíonn aige ach mar sin féin go bhféadfaí daoine faoi mhíchumas a cheapadh i bpoist riaracháin.

Tá údaráis áitiúla ar chuid de na comhlachtaí poiblí ab fhearr a rinne chun an sprioc fostaíochta a bhaint amach mar go mbíonn meascán de thascanna riaracháin, teicniúla agus oibriúcháin i gceist lena gcuid oibre. Bhí os cionn 4% de bhaill foirne faoi mhíchumas i 13 údarás áitiúil agus bhain dhá chomhairle os cionn 6% amach. Cé nár éirigh chomh maith le comhlachtaí tráchtála stáit mar ghrúpa áirítear BSL agus An Post ar dhá chuideachta mhóra tráchtála stáit a sháraigh an sprioc.

Bhain trí cinn de na 16 institiúid teicneolaíochta tríú leibhéal amach an sprioc agus mhol Coiste Monatóireachta na Roinne Oideachais agus Eolaíochta go bhféadfadh institiúidí eile ceacht a fhoghlaim ó na hinstitiúidí ar éirigh go maith leo.

Grúpa ionadaíoch is ea na comhlachtaí poiblí seo – a luadh anseo roimhe seo agus a thaispeáin cé mar is féidir an sprioc a bhaint amach – de na heagraíochtaí sin a bhfuil raonta éagsúla tascanna acu agus a fheidhmíonn i gcomhshaoil éagsúla oibriúcháin. Mholfadh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais do chomhlachtaí poiblí comhpháirtíochtaí meantóireachta a bhunú eatarthu. Chabhródh sé sin leo ciall cheannaithe a fháil ó thaithí agus dea-chleachtais a chéile. D’fhéadfaí comhpháirtíochtaí meantóireachta a bhunú san earnáil chéanna (mar shampla i measc údaráis áitiúla, institiúidí teicneolaíochta) nó idir chomhlachtaí a fheidhmíonn sa chathair nó sa chontae céanna.

Is féidir le FÁS comhairle a thabhairt maidir leis an raon leathan de phoist a bheadh daoine faoi mhíchumas ábalta a dhéanamh. Tá sainchomhairle ar fáil chomh maith ó shaineagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus ó chomheagrais fostaíochta dá dtugtar tacaíocht, faoin raon post gur féidir le daoine faoi chineálacha éagsúla míchumais a dhéanamh – daoine le laguithe fisiceacha; laguithe soghluaiseachta, amhairc, éisteachta nó urlabhra; le míchumas intleachta nó le deacrachtaí meabhairshláinte. Cuireann na heagraíochtaí seo eolas agus comhairle ar fáil chomh maith faoi chóracha agus faoi theicneolaíocht chúnata atá ann chun cabhrú le daoine a gcumas iomlán a thabhairt go barr foirfeachta. Acmhainn úsáideach is ea an suíomh gréasáin www.workway.ie maidir leis seo, suíomh gréasáin a d’fhorbair an chomhpháirtíocht idir na heagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus Comhdháil na gCeardchumann agus atá á chothabháil ag FÁS. Bíonn an costas a bhaineann le freastal ar bhaill foirne a bhíonn faoi mhíchumas an-réasúnach, tríd is tríd, faoi mar atá faighte amach go hidirnáisiúnta ag fhostóirí agus ag daoine faoi mhíchumas.

Is léir gur cúis inmí an-mhór í an tsábháilteacht i bhfostaíocht ar bith ach is iomaí post ina bhféadfaí duine faoi mhíchumas a fhostú agus go mbeadh an fhostaíocht i gcomhoiriúint le dea-chleachtais sláinte agus

sábháilteachta. Tá treoir shonrach ar fhostú sábháilte bhaill foirne faoi mhíchumas á forbairt ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais.

Saincheisteanna Earcaíochta

Luaigh cuid de na comhlachtaí poiblí gur bhain saincheisteanna earcaíochta nach raibh faoina smacht leis an gcúis gur theip orthu an sprioc fostaíochta 3% a bhaint amach. Is iad an mháthair-Roinn nó an mháthaireagraíocht a chuireann an fhoireann ar fáil do líon áirithe comhlachtaí poiblí agus ní bhíonn smacht neamhspleách ag na comhlachtaí ar shannaíocht foirne. Is beag athrúchán foirne nó ní bhíonn athrúchán foirne ar bith i gcuid de na comhlachtaí poiblí eile agus mar sin de níor fhéad siad baill nua foirne faoi mhíchumas ná baill nua foirne gan a bheith faoi mhíchumas a earcú. Thuairiscigh comhlachtaí eile go raibh cuíchóiriú ar bun acu agus go raibh siad ag gearradh siar ar an bhfoireann.

Dúirt ocht gcomhlacht phoiblí gur ceann de na cúiseanna nár bhain siad an sprioc amach nach raibh iarrthóirí faoi mhíchumas á gcur féin i láthair mar iarrthóirí poist. Rinne comhlacht amháin iarracht céimithe faoi mhíchumas a earcú tríd an gcomhlacht dheonach chuí ach níor éirigh leis.

Ba bhreis is 31,000 (cé go bhféadfadh go raibh baint ag aistriú foirne a bhain le dílárú le cuid de seo) an figiúr comhiomlán don earcaíocht a rinne comhlachtaí poiblí sa bhliain 2007. Shamhlófá dá réir an scála athrúcháin foirne seo go mbeidh an scóip ann i gcónaí chun baill nua foirne faoi mhíchumas a earcú d'ainneoin srianta nua earcaíochta. Tá na srianta earcaíochta seo á gcur i bhfeidhm chun dul i ngleic le deacrachtaí i gcúrsaí airgeadais phoiblí.

Thabharfadh beartas chun baill foirne, a n-éireodh míchumas dóibh, a choinneáil deis mhaith eile do chomhlachtaí poiblí a sprioc a bhaint amach. Pian in íochtar droma agus deacrachtaí

meabhairshláinte cosúil le strus nó lionn dubh na cúiseanna is coitianta leis an gcineál míchumas fisiceach a d'éireodh do baill foirne. Is féidir le baill foirne a dtarlódh sé go n-éireodh laigí den sórt seo dóibh leanúint ar aghaidh ag obair ach an chóir agus na tacaí cuí a bheith ann nó i roinnt cásanna eile d'fhéadfaí na dualgais oibre a athcheapadh. Ní mór, go háirithe, comhshaol oibre dearfach a bheith ann chun tacú le hoibrithe ag a mbeadh deacrachtaí sláinte mheabhrach. Tá treoir i ndáil le baill foirne faoi mhíchumas a choinneáil á hullmhú faoi láthair ag an Údarás Náisiúnta Míchumais.

Ag tabhairt aghaidh ar na deacrachtaí

Mhol comhlachtaí poiblí, ar theip orthu an sprioc a bhaint amach de bharr deacrachtaí le sonraí, iarrachtaí níos fearr chun sonraí a bhailiú chomh maith le baill foirne a spreagadh chun míchumas a nochtadh.

Cé is moite de na comhlachtaí atá an-bheag, agus díobh siúd a gcuireann an máthairchomhlacht an fhoireann ar fáil, d'aimsigh an chuid ba mhó de na comhlachtaí poiblí a bhí faoi bhun na sprice bearta coincréiteacha a d'fhéadfaidís a chur i bhfeidhm chun an sprioc a bhaint amach. Áiríodh ar na bearta seo:

- Beartas foirmiúil ar mhíchumas agus ar fhostaíocht a fhorbairt
- A bheith níos gníomhaí ó thaobh poist a fhógairt d'iarrthóirí faoi mhíchumas, agus béim a chur ar chomhdheiseanna d'iarrthóirí den sórt.
- A bheith réamhghníomhach ag earcú/ionduchtú chun riachtanais daoine aonair a aithint ó thaobh cóir agus freastal réasúnach.
- Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas/Oifigeach Comhionannais a cheapadh

- Ceangail a bhunú agus a dhaingniú le heagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas
- Bearta ar fheasacht míchumais agus ar oiliúint i bhfeasacht míchumais a fhorbairt
- Comórtais earcaíochta teoranta do dhaoine faoi mhíchumas
- Iniúchtaí rochtana a sheoladh agus tabhairt faoi oibreacha rochtana
- Socrúcháin oibre a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas

Mhol Coistí Monatóireachta roinnt moltaí cuiditheacha chomh maith. Tá sé i gceist ag Coiste Monatóireachta na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta cruinniú a bheith acu leis na comhlachtaí poiblí seo atá faoi bhun na sprice ionas go gcomhoibreoidh siad le chéile ar mholtaí chun cúrsaí a fheabhsú. Chomhairligh Coiste Monatóireachta na Roinne Airgeadais go dtabharfadh comhlachtaí inar státseirbhísigh an fhoireann, faoi bhaill foirne a earcú as an gcomórtas don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin a bhí ann le gairid agus a bhí teoranta do dhaoine faoi mhíchumas. I gcás sainearcaíochta don earnáil airgeadais, mhol an Coiste seo go ndéanfaí teagmháil le hinstiúidí tríú leibhéal ábhartha. Mhol siad chomh maith go ndéanfaí socrúcháin oibre do chéimithe tríd an scéim WAM (Willing, Able Mentoring) do chéimithe.

Conclúid

Is modúil eiseamláireacha do na comhlachtaí úd atá faoi bhun na sprice faoi láthair na dea-chleachtais rathúla a bhí curtha i bhfeidhm ag na comhlachtaí a bhain an sprioc amach nó a sháraigh an sprioc 3%. Is údar misnigh é go bhfuil go leor comhlachtaí poiblí ag aimsiú céimeanna coinchréiteacha dóibh féin chun an sprioc a bhaint amach agus go bhfuil roinnt Coistí Monatóireachta ag glacadh ról gníomhach i ndáil le comhairle a chur ar ghníomhaireachtaí á thuairiscíonn chucu faoi bhearta a d'fhéadfadh siad a dhéanamh.

Is fostóir an-tábhachtach í an tseirbhís phoiblí. Dá mba rud é go mbainfí amach an sprioc iomlán de 3% i measc na gcomhlachtaí a thuairiscigh le linn 2007 bheadh os cionn 7,000 ball foirne faoi mhíchumas fostaithe, in áit an 6,000 nó mar sin ball foirne atá ar taifead sa tuarascáil seo. Cé go n-aithnítear nach dtugann na figiúirí a seoladh ar ais chuig an Údarás Náisiúnta Míchumais le fios go hiomlán céard é an líon ball foirne faoi mhíchumas atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí tá an scóip ann i ndáiríre le gur féidir an líon daoine faoi mhíchumas a d'fhéadfaí a fhostú sa tseirbhís phoiblí a ardú.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ag tnúth le dul chun cinn cinnte a bheith sa ráta ag a gcomhlíonfar Cuid 5 den Acht sna blianta seo romhainn de réir mar a bheidh ceachtanna na gcomhlachtaí ar éirigh leo á bhfoghlaím agus á gcur i bhfeidhm.

Aguisín A

Sonraí Ranna Rialtais ar an sprioc fostaíochta 3%

Thuiriscigh Ranna Rialtais go raibh beagán le cois 20,000 (20,156) duine fostaithe acu sa bhliain 2007 agus gur 762 fostaí (3.8%) díobh a bhí faoi mhíchumas arna shainmhíniú san Acht (Tábla A1). Is ionann é seo agus ardú 2.4% ar an bhfigiúr a tuairiscíodh sa bhliain 2006 mar íosfhigiúr i bhfianaise na saincheisteanna a bhain le bailiú sonraí.

Bhain na Ranna go léir, cé is moite de dhá Roinn, an sprioc amach nó sháraigh siad an sprioc; thuiriscigh An Roinn Gnóthaí Eachtracha gur 2.1% an ráta fostaíochta de dhaoine faoi mhíchumas a bhí aici agus thuiriscigh an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia gur 2.6% an ráta fostaíochta de dhaoine faoi mhíchumas a bhí aici (bunaithe ar fhreagra 64.4% ar an Áireamh foirne). Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, go raibh sonraí na Roinne Gnóthaí Eachtracha bunaithe go huile agus go hiomlán ar áireamh foirne nár roghnaigh ach 31.3% den fhoireann páirt a ghlacadh ann. Ba é seo an ráta rannpháirteachais ab ísle san áireamh foirne de bhaill foirne sna Ranna Rialtais úd nár úsáid ach an t-áireamh foirne agus an t-áireamh sin amháin mar mhodh chun sonraí a bhailiú. Is iad seo a leanas na Ranna Rialtais a thuiriscigh na rátaí ab airde fostaíochta de dhaoine faoi mhíchumas: An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (6.0%), an Roinn Cosanta (fostaithe gur sibhialtaigh iad) (6.0%), Roinn an Taoisigh (5.1%), an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (4.8%), an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (4.7%) agus an Roinn Sláinte agus Leanáí (4.6%).

Tábla A1: Ranna Rialtais

Ranna Rialtais	Líon Iomlán Fostaithe	Líon Daoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas	Áireamh Foirme amháin (Tá/Níl)	% a thug freagra ar an áireamh	Beartas scríofa ¹¹ (Tá/Níl)	Iníúchadh ar Rochtain déanta
An Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia	4595	119	2.6%	N ¹²	64.4%	T	Cuid acu amháin
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasoireachta	187	8	4.3%	T	68.4%	T	Cuid acu amháin
An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha	335	20	6.0%	T	77.3%	T	Cuid acu amháin
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	268	8	3.0%	T	54.5%	T	T
An Roinn Cosanta (státseirbhísigh)	437	13	3.0%	T	47.4%	T	N
An Roinn Cosanta (fostaithe sibhialtacha) ¹³	843	51	6.0%	T	64.3%	T	N
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	1326	44	3.3%	N	Níl ar Fáil	T	Cuid acu amháin
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostáíochta	1098	52	4.7%	T	77.4%	T	T
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	1480	57	3.9%	T	63.0%	T	Cuid acu amháin

1. Baineann 'beartas i scríbhinn' le plean gníomhaíochta nó beartas i scríbhinn a bheith ann maidir le fostú daoine faoi mhíchumas agus/nó iad a bheith faoi réir ag cód cleachtais maidir le fostú daoine faoi mhíchumas agus I4. Chuir an Roinn Talmhaíochta agus an Roinn Airgeadais eolas breise maidir le líon beag foirne nach raibh ábalta páirt a ghlacadh san áireamh, isteach leis an eolas a bhí ina n-áireamh foirne.
13. Tagairt d'fhostaithe gur sibhialtaigh atá fostaithe ag an Roinn Cosanta thar ceann na bhFórsaí Cosanta. Ní baill de na Fórsaí Cosanta iad seo agus níl feidhm ag Cuid 5 den Acht maidir leo.

Tábla A1: Ranna Rialtais

Ranna Rialtais	Líon Iomlán Fostaithe	Líon Daoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas	Áireamh Foirne amháin (Tá/Níl)	% a thug freagra ar an áireamh	Beartas scríofa (Tá/Níl)	Iníúchadh ar Rochtain déanta
An Roinn Airgeadais	691	30	4.3%	N ¹⁴	60.2%	T	Cuid acu amháin
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	1844	38	2.1%	T	31.3%	T	N
An Roinn Sláinte agus Leanaí	652	30	4.6%	N	Níl ar Fáil	T	Cuid acu amháin
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ¹⁵	750	29	3.9%	T	Féach bun-nóta 15	T	Cuid acu amháin
Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	4934	235	4.8%	N	NA	T	Cuid acu amháin
Roinn an Taoisigh	236	12	5.1%	T	78.8%	T	T
An Roinn Iompair	480	16	3.3%	T	64.8%	T	T
Iomlán	20156	762	3.8%				

15. Cuireadh an fhoirm áirimh ar aghaidh chuig foireann iomlán na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus chuig na hoifigí agus na gníomhaireachtaí a oibríonn faoi réim shainchúram na Roinne, ach níorbh fhéidir d'ainneoin sin céatadán den fhreagra a tugadh a bhriseadh síos de réir Roinne/oifigí/gníomhaireachtaí. Ba 21.4% an ráta foriomlán de fhreagraí a tháinig as an áireamh.

Tábla A2 – Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an Sprioc Fostaíochta 3%¹⁶

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon Daoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas	Áireamh Foirme amháin (Tá/Níl)	% a thug freagra ar an áireamh	Beartas scríofa ¹⁷ (Tá/Níl)	Iníúchadh ar Rochtain déanta
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia							
Bord Bia	99	1	1.0%	T	83.8%	T	T
Bord Iascaigh Mhara	172	7	4.1%	N	Neamhbhainteach	T	T
Coillte	766	13	1.7%	T	32.4%	T	T
Cuideachta Náisiúnta Graí na hÉireann	81	1	1.2%	T	17.3%	T	N
Foras na Mara	223	8	3.6%	N	Neamhbhainteach	T	Cuid acu amháin
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne	6	0	Tada	T	100.0%	T	N
Údarás Chosaint Iascaigh Mhara	107	5	4.7%	N	NA	T	Cuid acu amháin
Teagasc	1512	60	4.0%	T	55.3%	T	T
Comhairle na dTréidianna	3	0	Nil	T	100.0%	T	N

16. Tá comhlachtaí poiblí, inar státseirbhísigh an fhoireann, a thuiriscigh trí Choiste Monatóireachta na Roinne Airgeadais tugtha síos faoina máthair-Roinn.

17. Bainneann 'beartas i scríbhinn' le plan gníomhaíochta nó beartas i scríbhinn a bheith ann maidir le fostú daoine faoi mhíchumas agus/nó iad a bheith faoi réir ag cód cleachtais maidir le fostú daoine faoi mhíchumas

Tábla A2 – Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an Sprioc Fostaíochta 3%

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon Daoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas	Áireamh Foirme amháin (Tá/Níl)	% a thug freagra ar an áireamh	Beartas scríofa (Tá/Níl)	Iníúchadh ar Rochtain déanta
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta							
An Chomhairle Ealaíon	69	1	1.4%	T	78.3%	N	T
Bord na gCon	620	7	1.1%	N	Neamhbhainteach	N	N
Leabharlann Chester Beatty	38	2	5.3%	T	86.8%	T	T
Áiléar Crawford	20	4	20.0%	N	Neamhbhainteach	T	T
Fáilte Éireann	389	5	1.3%	N	Neamhbhainteach	T	T
Rásaíocht Chapall Éireann	176	5	2.8%	N	Neamhbhainteach	T	Cuid acu amháin
Bord Scannán na hÉireann	15	1	6.7%	T	100.0%	T	N
Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann	84	0	Nil	T	77.4%	N	T
Comhairle Spóirt na hÉireann	31	0	Nil	N	Neamhbhainteach	N	T

Tábla A2 – Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an Sprioc Fostaíochta 3%

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon Daoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas	Áireamh Foirme amháin (Tá/Níl)	% a thug freagra ar an áireamh	Beartas scríofa (Tá/Níl)	Iníúchadh ar Rochtain déanta
An Ceoláras Náisiúnta	85	3	3.5%	N	Neamhbhainnteach	N	N
Dánlann Náisiúnta na hÉireann	123	3	2.4%	N	Neamhbhainnteach	T	T
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	122	12	9.8%	T	75.4%	N	T
Ard-Mhúsaem na hÉireann	203	12	5.9%	T	60.6%	T	T
Údarás Forbartha an Champsais Náisiúnta Spórt	4	0	Nil	T	50.0%	N	N
Turasóireacht Éireann Teo	42	4	9.5%	N	Neamhbhainnteach	N	T
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha							
An Post	9600	372	3.9%	T	70.9%	T	Cuid acu amháin
Bord Gáis Éireann	811	27	3.3%	N	Neamhbhainnteach	T	Cuid acu amháin

Tábla A2 – Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an Sprioc Fostaíochta 3%

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon Daoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas as	Áireamh Foime amháin (Tá/Níl)	% a thug freagra ar áireamh an áireamh	Beartas scríofa (Tá/Níl)	Iníúchadh ar Rochtain déanta
Bord na Móna cpt	1427	29	2.0%	N	Neamhbhain nteach	T	T
Coimisiún Craolacháin na hÉireann	43	3	7.0%	T	67.4%	T	T
An Phríomh-Bhord Iascaigh	76	3	3.9%	T	39.5%	N	T
An Coimisiún um Rialachán Cumarsáide	120	4	3.3%	T	92.5%	T	T
An Coimisiún um Rialachán Fuinnimh	54	3	5.6%	T	100.0%	N	N
An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach	15	0	Nil	T	100.0%	T	N
Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir	53	1	1.9%	T	45.3%	N	Cuid acu amháin
Éirgrid cpt	226	19	8.4%	N	Neamhbhain nteach	T	T
Bord Soláthair an Leictreachais	8239	449	5.4%	N	Neamhbhain nteach	T	N

Tábla A2 – Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an Sprioc Fostaíochta 3%

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon Daoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas as	Áireamh Foirme amháin (Tá/Níl)	% a thug freagra ar an áireamh	Beartas scríofa (Tá/Níl)	Iníúchadh ar Rochtain déanta
Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthuaiscirt	51	4	7.8%	T	74.5%	T	T
Bord Iascaigh Réigiúnach an Tuaiscirt	61	3	4.9%	T	96.7%	N	T
RTÉ	2307	84	3.6%	N	Neamhbhainteach	T	T
Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne	55	2	3.6%	T	50.9%	N	T
Bord Iascaigh Réigiúnach an Iardheiscirt	38	1	2.6%	T	68.4%	T	Cuid acu amháin
Bord Iascaigh Réigiúnach an Deiscirt	38	4	10.5%	T	89.5%	N	Cuid acu amháin
Údarás um Fhuinnimh Inmharthana na hÉireann	51	0	Tada	T	90.2%	T	T
TG4	80	0	Tada	N	Neamhbhainteach	T	T
Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair	56	0	Tada	T	73.2%	T	Cuid acu amháin

Tábla A2 – Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an Sprioc Fostaíochta 3%

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon Daoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas as	Áireamh Foime amháin (Tá/Níl)	% a thug freagra ar an áireamh	Beartas scríofa (Tá/Níl)	Iníúchadh ar Rochtain déanta
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta							
Coimisinéir Teanga	8	0	Tada	T	50.0%	T	T
Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn	8	0	Tada	T	75.0%	T	N
Foras na Gaeilge	39	1	2.6%	T	53.8%	T	T
Pobal	264	8	3.0%	T	65.5%	T	Cuid acu amháin
Údarás na Gaeltachta	113	4	3.5%	N	Neamhbhainteach	T	T
Gníomhaireacht na hUltaise	2	0	Tada	T	100.0%	T	Cuid acu amháin
Uiscebhealaí Éireann	269	6	2.2%	T	59.1%	T	Cuid acu amháin
Coimisiún Forbartha an Iarthair	19	0	Tada	T	73.7%	N	N

Tábla A2 – Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an Sprioc Fostaíochta 3%

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon Daoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas as	Áireamh Foirme amháin (Tá/Níl)	% a thug freagra ar an áireamh	Beartas scríofa (Tá/Níl)	Iníúchadh ar Rochtain déanta
An Roinn Cosanta							
Bord na nArmphínsean	2	0	Tada	T	100.0%	T	N
Bord um Chosaint Shíbhialta	26	4	15.4%	T	100.0%	T	N
Coiste an Asgard	8	0	Tada	T	100.0%	N	N
Bord Ceaintín na bhFórsaí Cosanta	19	2	10.5%	T	100.0%	N	N
Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann	4	0	Tada	T	100.0%	T	N
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta							
Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta	4	0	Tada	T	100.0%	N	T
Comhairle na gCáiliúchán Breisoideachais agus Oiliúna	44	0	Tada	T	77.3%	T	T
An tÚdarás um Ard-Oideachas agus Comhairle na nDámhachtainí Oiliúna	34	3	8.8%	T	88.2%	T	N

Tábla A2 – Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an Sprioc Fostaíochta 3%

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon Daoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas as	Áireamh Foirne amháin (Tá/Níl)	% a thug freagra ar an áireamh	Beartas scríofa (Tá/Níl)	Iniúchadh ar Rochtain déanta
Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire	568	2	0.4%	T	Níl ar Fáil	T	Cuid acu amháin
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain	764	2	0.3%	T	2.5%	N	T
Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir	240	8	3.3%	T	66.7%	T	T
Institiúid Teicneolaíochta, Ceatharlach	537	8	1.5%	T	21.2%	T	N
Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	1641	15	0.9%	T	Níl ar Fáil	N	Cuid acu amháin
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	3132	12	0.4%	T	Níl ar Fáil	N	Cuid acu amháin
Institiúid Teicneolaíochta, Dhún Dealgan	584	22	3.8%	T	41.6%	T	T
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe is Mhaigh Eo	1046	4	0.4%	T	Níl ar Fáil	T	N

Tábla A2 – Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an Sprioc Fostaíochta 3%

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon Daoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas as	Áireamh Foirme amháin (Tá/Níl)	% a thug freagra ar an áireamh	Beartas scríofa (Tá/Níl)	Iníúchadh ar Rochtain déanta
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn	350	9	2.6%	T	Níl ar Fáil	T	T
Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh	484	16	3.3%	T	17.8%	T	T
Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach	480	11	2.3%	T	Níl ar Fáil	T	T
Institiúid Teicneolaíochta Tamhlacht	421	8	1.9%	T	Níl ar Fáil	T	T
Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí	377	0	Nil	T	6.6%	T	N
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	1264	14	1.1%	T	Níl ar Fáil	T	T
Léargas	50	1	2.0%	T	92.0%	T	T
Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha	148	2	1.4%	T	Níl ar Fáil	N	N
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	67	2	3.0%	N	Neamhbhainteach	T	N
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	97	4	4.1%	N	Neamhbhainteach	T	Cuid acu amháin

Tábla A2 – Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an Sprioc Fostaíochta 3%

Comhlachtaí Poiblí	Líon Iomlán Fostaithe	Líon Daoine faoi mhíchumas	% faoi mhíchumas as	Áireamh Foirne amháin (Tá/Níl)	% a thug freagra ar an áireamh	Beartas scríofa (Tá/Níl)	Iníúchadh ar Rochtain déanta
An Bord Náisiúnta um Leas Oideachais	100	3	3.0%	T	56.0%	N	T
An tÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí in Éirinn	17	1	5.9%	N	Neamhbhainteach	T	T
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	185	6	3.2%	T	69.2%	T	N
An Chomhairle Teagaisc	36.5	1	2.7%	T	95.9%	N	N
Institiúid Thiobraid Árann	160	0	Tada	T	Níl ar Fáil	T	T
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta							
An tÚdarás Iomaíochta	49	1	2.0%	T	100.0%	N	N
Na Boird Fiontraíochta Contae agus Cathrach ¹⁸	150	0	Tada	T	92.7%	N	N
Fiontraíocht Éireann	762	34	4.5%	N	Neamhbhainteach	T	T
FÁS	2276	84	3.7%	T	65.4%	T	Cuid acu amháin

¹⁸. Is cónascadh é seo de na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach.

Tábla A2 – Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an Sprioc Fostaíochta 3%

